IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóir Aicmithe Scannán 2018

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

## Clár na n-ábhar


1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 1
2. Ráitis ar Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh in Eagraíocht Stáit 3
3. Príomhfhorbairtí i 2018 8
4. Airgeadais 15
5. Deimhniú Scannán Pictiúrlainne 17
6. Deimhniú Físeán/DVDanna 17
7. Ceadúnais Eisithe 17
8. Foireann 19

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

Do Charles Flanagan T.D., Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán do 2018 mar a éilítear faoi Roinn 29 den Acht um Fhístaifeadtaí 1989 a chur i láthair.

Tá ár bhfeidmheanna reachtúla faoi réir ag an Acht um Scrúdóireacht Scannán 1923 agus an tAcht um Fhístaifeadtaí 1989 maraon lena leasuithe ábhartha. Cloímid chomh maith leis na Prionsabail seo leanas mar atá sonraithe ar ár láithreán gréasáin www.ifco.ie:

- Creidimid go bhfuil sé de cheart ag aosaigh (i.e., daoine thar 18) a bheith saor le roghnú, laistigh den dlí, cad ba mhian leo a amharc.
- Tá dualgas againn leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhíobháil.
- Molaimid agus spreagaimid freagras tuismitheora go mórmhór.

I 2018, deimhníodh iomlán de 448 scannán pictiúrlainne ar eisiúint in Éirinn.
Bhí sé seo ar aon chéim leis an mbliain roimhe sin nuair a cuireadh 447 scannán pictiúrlainne faoi bhráid.

Mar atá dearbhaithe sa Tuarascáil Bhliantúil 2017, bhí meath suntasach sna haighneachtaí físteafadtaí/DVDanna tar éis roinnt mhaith blianta de sheasmhacht choibhneasta. Lean an meath seo i 2018 le hiomlán de 2,621 iarratas; laghdú de 467 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Lastigh den bhfigiúir seo, thugamar deimhniú do 36 físchluiche rangaithe 18 ag PEGI a bheith oiriúnach d'eisiúint. Leanfaidh leis an nós laghdaitheach seo i 2019.

Le linn 2018, rinneadh achomharc ar dhá chinneadh don Bhord Achomhairc Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann, a sheas le cinneadh an IFCO sa dá chás.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl go hoifigiúil don obair curtha ar bun ag mo chomhghleacaithe san IFCO agus na Deimhnitheoirí Cúnta, agus aitheantas a thabhairt chomh maith do chúnamh leanúnach agus ionchur cuiditheach John Laffan agus foireann an aonaid Rialachais Sibhialta den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Mise le meas

Ger Connolly
Stiúrthóir Aicmithe Scannán

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

## Ráitis Chomhlíontachta le Rialachas Foras Stáit

1. Dearbhaím gur aontaíodh Comhaontú Maoirseachta leis an Roinn Dlí, Cirt & Comhionannais a léiríonn comhlíonadh riachtanais an Chód Chleachtais do Rialachas Foras Stáit.

2. Cuireadh measúnúchán oiriúnach de phríomhbhaoil an IFCO ar bun. Is iad an dá phríomhbhaoil a aithníodh ná:

- Le spriocdátaí níos giorra idir tháirgeacht scannán agus aicmiú ag laghdú de shíor, tá an IFCO tar éis infheistíocht a dhéanamh i gcóras seachadtha ar líne a rachaidh beo i Ráith 1 de 2019 chun ár gcliaint ghnó a éascú.

- De réir mar atá aighneachtaí DVDanna de shíor ag laghdú, is gá monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais.

3. Tá an IFCO ag cloí leis an gCód Caitheachais Poiblí.

4. Tá an IFCO ag cloí le dlí cánach na hÉireann.

5. Ar son Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann, admhaím mo fhreagas mar Stiúrthóir as deimhniú go gcaomhnaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun baol a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinntitheach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad go tráthúil.

## Baol agus Rialú

Tá clár baoil in ionad a aithníonn na príomhbhaoil atá le sárú ag an IFCO. Aithníodh iad agus rinneadh measúnú agus céimniú orthu de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanfar athbhreithniú ar an gclár seo arís i 2019.

Sonraíonn an clár baoil na smachtaí agus gnímh atá riachtanach chun baoil agus freagracht a laghdú d'oibriúchán smachtaí a thugtar d'fhoireann speiceasach. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht smachta i bhfeidhm leis na gnéithe seo leanas:

- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó taifeadta.
- Tá freagrachtaí airgeadais tugtha ag leibhéal bainistíochta le freagracht dá réir.
- Tá córas buiséadaithe oiriúnach le buiséad bliantúil atá á athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Ta córais dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus cumarsáid teicneolaíochta.
- Tá córais in ionad chun na sócmhainní a chosaint.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta in ionad ag an IFCO chun comhlíonadh a chinntiú le rialacha agus treoracha soláthair reatha.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánaach i 2018 a bhfuil gá iad a nochtadh.

**Timpeallacht um rialú airgeadais**

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo leanas i bhfeidhm:

- Tá freagrachtaí airgeadais tugtha ag leibhéal bainistíochta le freagracht chomhfhreagrach.
- Tá socrúcháin maidir le tuairisciú bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais tugtha.
- Tá nósanna imeachta bunaithe chun tuairisciú a dhéanamh ar theipeanna rialaithe suntasacha agus chun gníomh ceartaitheach oiriúnach a chinntiú.

**Smachtaí Riaracháin agus tuairisciú bainistíochta**

Dearbhaím go bhfuil creatlach de nósanna imeachta agus tuairisciú rialta ar bhainistíocht in ionad, a áiríonn leithdheighilt dualgas agus freagracht agus a chinntíonn ach go háirithe go bhfuil córas buiséadaithe oiriúnach le buiséad bliantúil in ionad, atá á athbhreithniú ag an mbainistíocht.

- Cuireann an bhainistíocht athbhreithnithe rialta ar bun de thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíocht baoil laistigh den IFCO.
- Cinntíonn an IFCO go bhfuil fócas oiriúnach ar deachleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in ionad chun comhlíonacht a dheimhniú leis na treoirlínte ábhartha ar fad agus beartais soláthair.

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

**Smachtaí riaracháin agus tuairisciú bainistíochta**

Dearbhaím go gcloíonn an IFCO le forálacha ábhartha an Achta, ag tabhairt san áireamh an gá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas maidir le deiseanna agus an tslí a caitear le foireann agus daoine a sholáthraímid seirbhísí dóibh a chur chun cinn, cosaint chearta daonna agus úsáideoirí seirbhíse.

Léirítear na tiomantais seo, de réir mar is gá, sa Phlean Straitéiseach reatha.

‘Bagairt ghearr, an-éadrom.’
(Comhairle tomhaltóra maidir le *Mary Poppins Returns* ar láithreán gréasáin an IFCO)




MARY POPPINS RETURNS
Stiúrthóir: Rob Marshall.

G

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

## Príomhfhorbairtí i 2018

### Gníomhaíocht Oibriúcháin

Ba é an líon iomlán de scannáin phictiúrlaine a deimníodh le linn 2018 ná 448, méadú de 1 i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Ba é an líon iomlán d'fhísteafadtaí a deimhníodh ná 2,621, laghdú de 15% ó 2017. Cé gur laghdú suntasach é seo, is laghdú níos lú ón mbliain roimhe sin é. Cé gur cosúil go leanfaidh aighneachtaí ag titim, táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an gcóras seachadtha nua oibreacha ar líne ar chúrsaí.

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

## Achomhairc

Rinneadh dá achomhairc i 2018:

Tugadh aicmiú 18 do THE FIRST PURGE leis an gcomhairle tomhaltóra:

| | |
|---|---|
| **Seánra:** | Uafás/Aicsean |
| **Stiúrthóir:** | Gerard McMurray |
| **Foireann aisteoirí:** | Y'lan Noel, Lex Scott Davis, Joivan Wade |
| **Dáileoir:** | Universal |
| **Dáta eisithe:** | 6ú Iúil 2018 (mar a solathraíodh ón Dáileoir) |
| **Dáta aicmithe:** | 15ú Meitheamh 2018 |
| **Fad:** | 97' 25" |

**The First Purge**




| | Faic | Éadrom | Measartha | Láidir |
|---|---|---|---|---|
| Foréigean | | | | ✓ |
| Drugaí | | | | ✓ |
| Gnéas / Nochtacht | | | | ✓ |
| Teanga | | | | ✓ |
| Eile/Barúlacha | Foréigean láidir fuillteach, bagairt gan stop agus radhairc a d'fhéadfadh cur as don lucht féachana. | | | |

Tugadh aicmiú 12A do BUMBLEBEE leis an gcomhairle tomhaltóra seo leanas:

| | |
|---|---|
| **Seánra:** | Aicsean/Ficsean eolaíochta |
| **Stiúrthóir:** | Travis Knight |
| **Foireann aisteoirí:** | Hailee Steinfeld, Justin Theroux, Angela Bassett |
| **Dáileoir:** | Paramount |
| **Dáta eisithe:** | 26ú Nollaig 2018 (mar a soáthraíodh an Dáileoir) |
| **Dáta aicmithe:** | 27ú Samhain 2018 |
| **Fad:** | 109' 20" |

**Bumblebee**




| | Faic | Éadrom | Measartha | Láidir |
|---|---|---|---|---|
| Foréigean | | | ✓ | |
| Drugaí | | ✓ | | |
| Gnéas/ Nochtacht | | ✓ | | |
| Teanga | | ✓ | | |
| Eile/Barúlacha | Foréigean measartha. | | | |

Sa dá chás, dhearbhaigh an Bord Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán cinneadh an Stiúrthóra.

'Tá roinnt tagairtí gnéis gearra follasacha ann.'
(Comhairleoir tomhaltóra maidir le *Mamma Mia! Here We Go Again* ar láithreán gréasáin an IFCO)




MAMMA MIA! HERE WE GO AGAIN
Stiúrthóir: Ol Parker.

PG

## Físchluichí

Le linn 2018, scrúdaigh an IFCO 36 cluiche rangaithe 18 ag an gCóras Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI) chun comhlíonacht a dheimhniú le fóralacha an tAcht um Fhístaifeadtaí, 1989.
Tá an tsamhail Pan-Eurpach seo, a bunaíodh i 2003, leis an IFCO mar cheann de na bunaitheoirí, de shíor ag fás agus is meicníocht éifeachtach agus comhsheasmhach í d'aicmiú cluichí. Is ball é Ger Connolly den chomhairle PEGI a leagann síos critéir aicmithe. Is ball é chomh maith de bhord gearáin an PEGI a thugann breithiúnas ar achomhairc aicmiúcháin.

## Grúpaí Fócais/Taispeántais

Tugadh roinnt taispeántas idirghníomhach do Mhic Léinn Dara agus Triú Leibhéil le linn na bliana. Ina measc bhí ócáid nuálach ag an bhFéile Scannán Cinemagic i mBaile Átha Cliath ina rabhamar i gcomhpháirtíocht le Bord Aicmithe Scannán na Breataine.

Bhí sé mar phléisiúr ag an IFCO a bheith i gcomhpháirtíocht le Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath ag óstáil an giúiré leanaí Fantastic Flix thar roinnt seachtainí ag tús na bliana.

## Taighde

Le linn 2018, scrúdaíomar modhanna chun athbhreithniú éifeachtach a chur ar bun de na treoirlínte aicmiúcháin a léireodh meon an phobail go cruinn agus na hionchais maidir leis an obair a dhéanann an IFCO. Rinneadh an cinneadh le linn Ráith 2 de 2019, tionscnamh taighde neamhspleách forleitheadach le cur chuige leathan a choimisiúniú. Cuimseoidh sé tuismitheoirí/caomhnóirí mionaoisigh agus a dtuairimí maidir le saincheisteanna aicmiúcháin a bhaineann le hábhar sa lá atá inniu ann.

## Láithreán Gréasáin

Le linn 2017, cuireadh obair ar bun madir le nuashonrú a dhéanamh ar láithreán gréasáin an IFCO. Cé gur uirlis fíorúsáideach í seo ach go háirithe do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le rochtain a fháil ar ábhar scannáin, tá íomhá an láithreáin ghréasáin ag éirí seanfhaiseanta. D'fhonn an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as an láithreán gréasáin agus chun comhlíonacht a chinntiú maidir le múnlú an Rialtais faoi láthair, cuireadh an dáta láinseála ar moill agus láinseálfaidh sé anois i Ráith 2 de 2019. Ba mhaith leis an IFCO a buíochas a chur in iúl do rannóg TF na Roinne maidir leis an tionscnamh seo a éascú.

Fiosróidh cuid den taighde a luaiter thuas inmhianaitheacht d'Aip IFCO, agus ag brath ar an toradh, beimid ag súil, má tá mian ann dó, é seo a éascú.

## Gearáin

Le linn 2018, fuair an IFCO 18 gearán ón bpobal a bhain go speiceasach le haicmiúcháin a tugadh. Ba é an méid is mó gearán a bhfuarthas maidir le haon teideal ná 6 i gcás SHOW DOGS, coiméide rangaithe PG mar gheall ar "Foréigean éadrom, teanga agus greann drochbhéasach." As na gearáin seo, bhain dá cheann le daoine nach raibh an scannán feicthe acu.


Táthar ag súil go dtabharfaidh níos mó duine cuairt ar an láithreán gréasáin nuashonraithe agus go spreagfaidh sé daoine chun teagmháil a dhéanamh le IFCO. Cuirtear fáilte mhór roimh gach cineál ionchur cuiditheach, cíbe má tá sé dearfach nó diúltach mar tugann sé eolas dúinn maidir le cad lena bhfuil an pobal ag súil ó sheirbhís IFCO.

### Seachadadh Digiteach

Mar atá sonraithe i Tuarascáil 2017, scrúdaíomar an fhéidearthacht maidir le seachadadh digiteach d'aighneachtaí DVDanna a éascú. D'eascraigh sé seo ó éilimh ónár gcliaint ghnó de bhar an bhrú ama idir chríochnú táirgeachta agus dáta eisithe. Is mian liom a rá go gcuireadh é seo i bhfeidhm go rathúil agus rachaidh sé beo sa Chéad Ráith de 2019.

Mar an gcéanna lenár dtioncnamh láithreán gréasáin, ba mhian liom aitheantas a thabhairt don chuidiú agus treoir ó Rannóg TF na Roinne.

‘Tagairtí measartha gnéis agus drugaí.’
(Comhairle tomhaltóra maidir le *Bohemian Rhapsody* ar láithreán gréasáin an IFCO)




BOHEMIAN RHAPSODY
Stiúrthóir: Bryan Singer.

I2A

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality


## Airgeadas

Seo leanas na táillí a lorg an Oifig d'aicmiú scannán pictiúrlainne agus DVDanna/físeáin agus d'eisiúint ceadúnais i 2018:

- **Físeáin** **€682,096.80**
- **Scannáin** **€366,731.80**
- **Ceadúnais** **€210,800.00**
- **Ilghnéitheach** **€1,000.00**

Ba é an t-ioncam iomlán a bhfuarthas ar son na Roinne i 2018 ná **€1,260,628.60**.

‘Radhairc d’úsáid drugaí. Foréigean measartha/láidir agus tagairtí gnéis.’
(Comhairle tomhaltóra maidir le *A Star Is Born* ar láithreán gréasáin an IFCO)




A STAR IS BORN
Stiúrthóir: Bradley Cooper.

# Deimhniú Aighneachtaí Pictiúrlainne

**Aighneachtaí Pictiúrlainne A Deimhníodh i 2018**

| | |
|---|---|
| Gnéscannáin | 448 |
| Gearrscannáin | 12 |
| Blaisíní | 687 |
| **Iomlán** | **1147** |

**Gach Scannán de réir Catagóir**

| | |
|---|---|
| G | 200 |
| PG | 197 |
| 12A | 391 |
| 15A | 276 |
| 16 | 60 |
| 18 | 23 |
| **Iomlán** | **1147** |

**Gnéscannáin/Gearrscannáin Deimhnithe de réir Catagóir**

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| G | 28 | 37 | 38 | 41 |
| PG | 47 | 62 | 58 | 61 |
| 12A | 117 | 131 | 126 | 124 |
| 15A | 129 | 142 | 164 | 159 |
| 16 | 38 | 35 | 45 | 52 |
| 18 | 12 | 13 | 20 | 23 |
| | **371** | **420** | **451** | **460** |

**Tír Dhúchais Aonair**

| | |
|---|---|
| 143 | Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 72 | An India |
| 58 | An Ríocht Aontaithe |
| 35 | Éire |
| 15 | An Pholainn |
| 13 | An Fhrainc |
| 9 | An tSeapáin |
| 6 | An Astráil |
| 5 | An tSín |
| 2 | An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin |
| 1 | An Ostair |
| 1 | Ceanada |
| 1 | An Danmhairg |
| 1 | An Ghearmáin |
| 1 | An Chóiré |
| 1 | Maracó |
| 1 | An Iorua |
| 1 | An Phacastáin |
| 1 | An Spáinn |
| **367** | **Iomlán** |

**Tíortha Dúchais Iolracha**

| | |
|---|---|
| 16 | An Ríocht Aontaithe/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 4 | An Astráil/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 4 | An tSín/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 3 | An Fhrainc/An Bheilg |
| 2 | Éire/Ceanada/Lucsamburg |
| 2 | Éire/An Ríocht Aontaithe |
| 2 | Éire/An Ríocht Aontaithe/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 2 | An Iodáil/An Fhrainc |
| 2 | An Ríocht Aontaithe/An Fhrainc/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 2 | An Ríocht Aontaithe/An Ghearmáin |
| 2 | An Ríocht Aontaithe/An Pholainn |
| 2 | Stáit Aontaithe Mheiriceá/An tSín |
| 2 | Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Ríocht Aontaithe |
| 2 | Ilghnéitheach |
| 1 | An Astráil/An Bheilg/An Fhrainc/An Iodáil/An Afraic Theas/An Spáinn |
| 1 | An Bheilg/Na hÍsiltíre |
| 1 | An tSile/An Ghearmáin/An Spáinn/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | An Danmhairg/An Fhrainc/An Ghearmáin/An tSualainn |
| 1 | An Fhrainc/In Iodáil |
| 1 | An Fhrainc/An tSeapáin |
| 1 | An Fhrainc/An Rúis |
| 1 | An Fhrainc/An Ríocht Aontaithe/An Chambóid/Stáit Aontaithe Mheiriceá/An tSín |
| 1 | An Ghearmáin/An Bheilg/Lucsamburg/An Iorua/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | An Ghearmáin/An Bheilg/An Ríocht Aontaithe/An Iodáil |
| 1 | An Ghearmáin/An Fhrainc |
| 1 | An Ghearmáin/Lucsamburg/An Danmhairg |
| 1 | An Ghearmáin/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | An Íoslainn/An Bheilg |
| 1 | An Íoslainn/Lucsamburg |
| 1 | Éire/An Ríocht Aontaithe/An Fhrainc |
| 1 | Éire/An Ríocht Aontaithe/An Fhrainc/Ceanada/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | Éire/An Ríocht Aontaithe/Hong Cong an tSín/An Ungáir/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | Iosrael/An Eilvéis/An Ghearmáin/An Fhrainc |
| 1 | An Iodáil/An Fhrainc/An Eilvéis |
| 1 | An Iodáil/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | Meicsiceo/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | Na hÍsil Tíre/An Ghearmáin/An Danmhairg/An Ríocht Aontaithe |
| 1 | An Nua-Shéalainn/An Astráil/An Fhrainc |
| 1 | An Pholainn/An Fhrainc/An Ríocht Aontaithe |
| 1 | An Pholainn/An Ríocht Aontaithe |
| 1 | An Rúis/An Fhrainc/An Ghearmáin/An Bheilg |
| 1 | An Spáinn/An Bhulgáir |
| 1 | An Spáinn/An Ríocht Aontaithe/An Ghearmáin |
| 1 | An tSualainn/Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Ríocht Aontaithe |
| 1 | An Eilvéis/An Fhrainc |
| 1 | An Eilvéis/Poblacht na Macadóine/An Íoslainn |
| 1 | An Eilvéis/Cathair na Vatacáine/An Iodáil/An Ghearmáin/An Fhrainc |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/An Astráil/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/An Chambóid |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/An Fhrainc |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/An Ghearmáin/An tSualainn/Ceanada/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/Éire |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/Lucsamburg/Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/Meicsiceo |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/An Nua-Shéalainn |
| 1 | An Ríocht Aontaithe/An Phacastáin |
| 1 | Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Fhrainc |
| 1 | Stáit Aontaithe Mheiriceá/Gána/An Iodáil |
| 1 | Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Iodáil |
| 1 | Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Spáinn |
| **93** | **Iomlán** |


‘Foréigean an-láidir. Gnéas láidir.’
(Comhairle tomhaltóra maidir le *Widows* ar láithreán gréasáin an IFCO)




WIDOWS
Stiúrthóir: Steve McQueen




## Deimhniú DVDanna/Físeán




**De Réir Cineál Saothair**

| | |
|---|---|
| Príomhscannán | 1173 |
| Scannán comhchodach | 443 |
| Breis ábhair ar DVD | 830 |
| Blaisín | 127 |
| Físchluiche | 36 |
| Fógra | 12 |
| **Iomlán** | **2621** |





**Saothair DVD/Físeán Deimhnithe de réir Catagóir**

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| G | 726 | 805 | 551 | 471 |
| PG | 610 | 590 | 531 | 436 |
| 12 | 905 | 845 | 705 | 657 |
| 15 | 1596 | 1427 | 1118 | 929 |
| 18 | 228 | 163 | 184 | 128 |
| **Iomlán** | **4065** | **3830** | **3089** | **2621** |

## Ceadúnais Físeán Miondíola Eisithe 2018

| | |
|---|---|
| Feithicle | 1 |
| Miondíol | 1045 |
| **Iomlán** | **1046** |

'Foréigean an-láidir agus fuillteach. Tagairtí láidre do mhí-úsáid leanaí.'
(Comhairle tomhaltóra maidir le *You Were Never Really Here* ar láithreán gréasáin an IFCO)




YOU WERE NEVER REALLY HERE
Stiúrthóir: Lynne Ramsay

18

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality

## Foireann Aicmithe

### Stiúrthóir Aicmithe Scannán

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Aicmmithe Scannán i mBealtaine 2016. Ba Scrúdóir Scannán Cúnta agus Leas-Stiúrthóir é roimhe seo.

Ceapadh é mar scrúdóir scannán páirtaimseartha i Samhain 1993 agus d'oibrigh sé mar Leas-Stiúrthóir/Stiúrthóir Gníomhach ó 2003-2016.

Déanann sé ionadaíocht thar cheann na hÉireann agu comhairle an PEGI, Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí, agus suíonn sé ar a Bord Comhairleach agus a Bord Gearáin.

### Aicmitheoirí Cúnta Páirtaimseartha Le Linn 2018

**Zélie Asava**
PhD sa Staidéar Scannán
Ceaptha 2017

**Mark Brennan**
Iriseoir
Ceaptha 2017

**Niamh McCole**
PhD sa Staidéar Scannán
Ceaptha 2017

**David Power**
Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2017

**Martin Scanlon**
Abhcóide
Ceaptha 2017

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Department of Justice and Equality